**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10992 – KAUFLAND / SCP REAL ASSETS)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 51/05)

1. An 1 Feabhra 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kaufland Immobilien GmbH & Co. KG ("Kaufland", an Ghearmáin), atá faoi rialú SB Kaufland KG ("Kaufland-Gruppe", an Ghearmáin), ar cuid é de Ghrúpa Schwarz,

— Réadmhaoin in Köln, Staßfurt agus Waiblingen (dá ngairtear "SCP Real Assets", an Ghearmáin), gach ceann acu faoi rialú SCP Retail Properties A XII s.à r.l., SCP Retail Properties C XII s.à r.l. Agus SCP Retail Properties C XXII s.à r.l., ar cuid iad gach ceann acu de Ghrúpa SCP atá faoi rialú Ms Marjorie Brabet-Friel.

Gheobhaidh Kaufland rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SCP Real Assets ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is i miondíol bia a oibríonn Grúpa Schwarz go príomha, tríd na slabhraí Kaufland agus Lidl. Ina theannta sin, soláthraíonn Grúpa Schwarz deochanna boga, táirgí bácáilte, uachtar reoite, pasta agus caife, agus tá sé gníomhach i mbailiú, dáileadh agus margú ábhar in-athchúrsáilte. Tá Grúpa Schwarz tosaithe le déanaí ar néalseirbhísí a thairiscint freisin,

— Is éard atá in SCP Real Assets réadmhaoin in Köln, Staßfurt agus Waiblingen sa Ghearmáin a úsáidtear mar áitribh le haghaidh ollmhargaí Real. Déanann Grúpa SCP infheistíocht agus/nó comhairliúchán in earnáil na réadmhaoine go príomha, lena n-áirítear áitribh thráchtála sa Ghearmáin a ligean ar cíos agus a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10992 – KAUFLAND / SCP REAL ASSETS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").